



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2018
(OR. en)

5285/18

MOG 4
CFSP/PESC 34
IRAQ 3

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	22 Eanáir 2018
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	5283/18 MOG 3 CFSP/PESC 33 IRAQ 2
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic - Conclúidí ón gComhairle (22 Eanáir 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic, a ghlac an Chomhairle ag an 3591ú cruinniú a bhí aici, ar an 22 Eanáir 2018.

CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN IARÁIC

An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 22 Eanáir 2018

1. Molann an tAontas Eorpach muintir na hIaráice, a rialtas agus a fórsaí slándála as buachan ar Da'esh agus an tír a ghlacadh ar ais uathu, le tacaíocht ón gComhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh Da'esh, a bhfuil an tAontas ina bhall di.
2. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chomhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus an Iaráic, agus an Comhaontú um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar (CCC) mar bhonn taca léi, agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas do thacú le húdaráis na hIaráice ag céim na hatógála agus le dul i ngleic leis na gnéithe polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha is siocair leis an éagobhsaíocht. Iarrann an tAontas ar na geallsealbhóirí ábhartha uile san Iaráic obair i gcomhar le chéile ar bhealach síochánta, comhoibritheach agus cuntasach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus an bealach á réiteach le haghaidh stát cuimsitheach lena gcumasófar deiseanna polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta do chách, agus lena ndéanfar an dul chun cinn míleata a rinneadh i gcoinne Da'esh a chomhdhlúthú.
3. Meabhraítear don Chomhairle a cuid Conclúidí ó Chomhairle mhí an Mheithimh 2017 agus is díol sásaimh di an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach, atá i gceangal leis seo, ina leagtar amach eilimintí i gcomhair Straitéis ón Aontas don Iaráic. Formhuiníonn sí go hiomlán na cuspóirí agus an cur chuige beartais a mholtar agus a shonraítear sa teachtaireacht agus comhaontaíonn sí go bhfuil cur chun feidhme gasta bunriachtanach anois d'fhonn coinneáil leis na hiarrachtaí d'fhonn todhchaí níos fearr a chruthú don Iaráic tar éis a saortha ó Da'esh. Tá Straitéis an Aontais don Iaráic comhdhéanta den teachtaireacht atá in éineacht leis na conclúidí seo. I bhfianaise an iliomad dúshlán, oibreoidh an tAontas i gcomhthráth chun a chuid cuspóirí straitéiseacha ar fad san Iaráic a bhaint amach. Tá na cuspóirí sin dírithe ar na príomhréimsí seo a leanas:

- a) **Aontacht, ceannasacht agus iomláine chríochach na hIaráice mar aon lena héagsúlacht eitneach agus reiligiúnach a chaomhnú**
4. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sí docht daingean ina thacaíocht d'aontacht, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hIaráice agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas láidir gníomhach do chaomhnú shochaí na hIaráice mar atá sí, is é sin il-eitneach, ilchreidimh agus il-eaglasta agus leis sin do chosaint a grúpaí mionlaigh, ag cur leis an ngaol atá eatarthu bunaithe ar aitheantas náisiúnta comhchoiteann agus ar shaoránacht chuimsitheach.
5. Iarrann an tAontas ar rialtas na hIaráice agus ar Rialtas Réigiúnach na Cordastáine páirt a ghlacadh in idirphlé cuiditheach a bheidh dírithe ar thorthaí maidir leis na saincheistanna práinneacha, lena gcuirfear bonn ar fáil do phlé níos mionsonraithe i ndáil leis na ceistanna go léir atá fós gan réiteach agus lena ndéanfar iarracht caidreamh fadtéarmach níos cobhsaí agus níos fearr don dá thaobh a bhunú bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán Bhunreacht na hIaráice, lena n-áirítear na forálacha atá ann le haghaidh neamhspleáchas na Cordastáine. Creideann an tAontas gur freagracht ar an dá thaobh an t-idirphlé sin bunaithe ar na forálacha faoi seach sa bhunreacht, agus gur tríd an idirphlé agus an comhar sin is fearr a bhainfear leas coiteann mhuintir na hIaráice ar fad amach. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá ar bun chun páirt a ghlacadh go gasta san idirphlé sin. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé go mór i bhfabhar iarrachtaí éascaithe na Náisiún Aontaithe agus tá sé réidh le tacú le hidirphlé má iarrtar sin air.

b) Córas polaitiúil na hIaráice a neartú trí thacú le hiarrachtaí na hIaráice córas rialtais cothromaithe, cuimsitheach, cuntasach agus daonlathach a bhunú

6. I gcomhthéacs an téarnaimh iar-choinbhleachta, aithníonn an tAontas na hiarrachtaí atá ar bun ag rialtas na hIaráice chun limistéir a saoradh a chobhsú i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaithe eile ar an láthair. Cé go bhfuarthas an lámh in uachtar ar Da'esh go míleata, tá sé fós ina bhagairt. Aithníonn an tAontas go bhfuil dúshlán thábhachtacha fós ann. Ní foláir díriú anois ar shíocháin a bhaint amach trí na dálaí sna cúigí a saoradh a chobhsú, trí dhaoine easáitithe ina dtír féin a fhilleadh go neamh-idirdhealaitheach chuig a n-áit dúchais agus timpeallacht á cur ar fáil ina spreagfar an t-athmhuintearas, agus athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha á gcur chun feidhme. Cuireann an tAontas i bhfáth a phráinní atá sé tús áite a thabhairt do leasanna náisiúnta de mheon na tuisceana frithpháirtí agus an chomhréitigh agus dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus i ndáil le hathmhuintearas náisiúnta a bhaint amach bunaithe ar cheartas agus ar chuntasacht, ar phrionsabail daonlathais atá ag feidhmiú, ar chuimsitheacht, ar an smacht reachta agus ar urraim do chearta an duine. D'fhonn go mbainfear amach an cuspóir i dtaca le fis chomhchoiteann a chothú maidir le todhchaí na tíre, is den rithábhacht anois go rachadh muintir na hIaráice i mbun próiseas cuimsitheach athmhuintearais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil de mheon na tuisceana frithpháirtí agus an chomhréitigh. Sa chomhthéacs sin, leanann sé dá thacaíocht láidir le hIonadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus le hobair Mhisean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe don Iaráic.
7. Tugann an tAontas dá aire go mbeidh deis sna toghcháin náisiúnta stát níos cuimsithí agus níos daonlathaí a thógáil, stát a rachaidh chun leasa mhuintir na hIaráice ar fad. Molann an tAontas do rialtas na hIaráice leanúint den ullmhúchán do na toghcháin náisiúnta i mí Bealtaine 2018, ar toghcháin iad a chaithfidh a bheith dlisteanach agus daonlathach. Beidh rannpháirtíocht iomlán gach cuid de shochaí na hIaráice, lena n-áirítear réigiún na Cordastáine, den rithábhacht lena áirithiú go gcuirfear institiúidí fíorionadaíocha agus rialachas cuimsitheach chun cinn mar thoradh ar na toghcháin. Chun na críche sin, tá an tAontas réidh chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil don phróiseas toghcháin agus chun súil ghéar a choinneáil air i gcomhar le gníomhaithe ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe don Iaráic (UNAMI).
8. Maidir le gach próiseas, ní foláir a áirithiú go mbeidh na mná, an óige, an tsochaí shibhialta agus gach cuid de shochaí na hIaráice, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus creidimh, rannpháirteach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Iarrann an tAontas go gcuirfí Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hIaráice maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil chun feidhme ina iomláine.

9. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá fórsaí slándála na hIaráice, agus iad a bheith gairmiúil, ionadaíoch agus faoi rialú daonlathach, chun slándáil éifeachtach a sholáthar, chun cloí leis an smacht reachta agus chun a áirithiú go n-urramófar cearta an duine ina n-iomláine. Is díol sásaimh dó an dul chun cinn atá déanta ag rialtas na hIaráice i ndáil leis an méid sin, agus impíonn sé air coinneáil leis na hiarrachtaí lena áirithiú go dtiocfaidh na fórsaí armtha uile go héifeachtach faoi smacht agus faoi rialú stát na hIaráice. Tá sé fíor-riachtanach go bhfeabhsódh na gníomhaireachtaí slándála a gcaidreamh leis an daonra sibhialtach d'fhonn an gnóthachan cobhsaíochta a chomhdhlúthú. Chun na críche sin, tá tacaíocht tugtha ag an Aontas gona Bhallstáit d'iarrachtaí athchóirithe údaráis na hIaráice in earnáil na slándála sibhialta trí Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM an Iaráic) a imscaradh i mí na Samhna 2017. Is iad cuspóirí straitéiseacha an mhisin *inter alia*: comhairle agus saineolas a chur ar fáil d'údaráis na hIaráice ar an leibhéal straitéiseach d'fhonn cuidiú le cur chun feidhme Straitéis Slándála Náisiúnta na hIaráice; agus anailís agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le breis rannpháirtíochta ón Aontas agus na deiseanna sin a shainaithint i ndáil le tacú le hathchóiriú na hearnála slándála san Iaráic san fhadtéarma. Cuireann an tAontas i bhfios a thábhachtaí atá athchóiriú ar earnáil na bpóilíní agus an obair atá ar bun ag Tascfhórsa um Oiliúint na bPóilíní na Comhghuaillíochta Domhanda. Cuireann an tAontas gona Bhallstáit i dtreis an gá níos leithne atá ann comhar agus comhchuibheas a áirithiú i measc gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, an Chomhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Da'esh, agus ECAT, atá ag tacú le hathchóiriú na hearnála slándála, mar a leagtar amach i gconclúidí ábhartha ón gComhairle, agus tá siad réidh saothrú chun na críche sin agus aird chuí á tabhairt ar chreat institiúideach an Aontais.

c) Tacú le húdaráis na hIaráice cabhair dhaonnúil, tacaíocht do luaththéarnamh, cobhsaíocht, forbairt agus atógáil a chur ar fáil

10. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil an-imní air faoin staid dhaonnúil atá fós forbhásach agus aithníonn sé na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag údaráis uile na hIaráice, ag na Náisiúin Aontaithe agus ag comhpháirtithe idirnáisiúnta eile i dtaca le fóirithint agus cabhair dhaonnúil a thabhairt dóibh siúd a easáitíodh mar gheall ar an gcoinbhleacht nó atá thíos léi. Cuireann an tAontas in iúl gur údar imní dó gur tuairiscíodh go ndearnadh fillteacha faoi bhrú agus fillteacha idirdhealaitheacha. Cuireann sé in iúl an athuair a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh rialtas na hIaráice agus Rialtas Réigiúnach na Cordastáine sibhialtaigh a chosaint agus a fhilleadh go sábháilte, stuama, deonach agus go neamh-idirdhealaitheach, agus filleadh gan bhac a áirithiú do dhaoine a easáitíodh ina dtír féin agus do dhídeanaithe ar mian leo filleadh ar limistéir shaortha a aithnítear mar limistéir shábháilte, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine agus go gcloífi le caighdeáin na cosanta idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart aird ar leith a tharraingt ar shaincheisteanna a bhaineann le tithíocht agus le cearta talún agus maoiné i bpróiseas an fhilidh agus na hatógála. Iarrann an tAontas ar an Iaráic seasamh le beartas seanbhunaithe na hIaráice maidir le cosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhíonn ag cur fúthu san Iaráic agus a mbíonn cosaint á lorg acu.
11. Cuireann an tAontas i dtreis go bhfuil géarghá le tacaíocht leanúnach ón gcomhphobal idirnáisiúnta dóibh siúd atá i ngátar, go háirithe trí thacú le plean 2018 na hIaráice don fhreagairt dhaonnúil ó na Náisiúin Aontaithe, agus riachtanais na tíre uile á gcur san áireamh. Bhí an tAontas agus a Bhallstáit ar cheann an róid i dtaca leis an bhfreagairt dhaonnúil idirnáisiúnta agus leanfaidh siad de dhlúthpháirtíocht a léiriú le muintir na hIaráice trí chabhair dhaonnúil a thabhairt dóibh siúd is mó atá ina gátar agus de réir prionsabal daonnúil.
12. Leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar an ngá atá le seirbhísí bunúsacha poiblí a chur ar fáil agus le freagairt do riachtanais nithiúla saoránach uile na hIaráice. Aithníonn sé, chomh maith, a thábhachtaí atá sé cur chuige comhtháite a fhorbairt agus an nasc idir cabhair dhaonnúil agus luath-iarrachtaí maidir le téarnamh, atógáil agus cobhsú a chur chun feidhme. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ar na deontóirí is mó san Iaráic, agus geallann siad go dtacóidh siad leis na hiarrachtaí sin i gcéim an aistrithe agus na hatógála ar bhonn chur chuige atá bunaithe ar iomláine na hIaráice; tá siad sásta dlús a chur lena dtacaíocht.

13. Is deis iontach í Comhdháil Idirnáisiúnta Chuáit, a bheidh ar siúl sa Chuáit agus a ndéanfaidh an tAontas comhchathaoirleacht air, do rialtas na hIaráice leanúint dá bhainistiú ar an aistriú ó chobhsaíocht go hatógáil, agus le díriú ar shíor-riachtanais dhaonnúla, ar bhealach struchtúrtha comhordaithe i gcomhar lena chuid comhpháirtithe idirnáisiúnta. Beidh an chomhdháil ríthábhachtach, freisin, d'fhonn tiomantas na hIaráice a thaispeáint maidir le hathchóirithe eacnamaíocha sóisialta agus d'fhonn tacaíocht idirnáisiúnta a spreagadh, ar tacaíocht í lena bhfuil géarghá, le haghaidh na hatógála agus an téarnaimh fhadtéarmaigh.
14. Ní mór don Iaráic féin a bheith ina ceannródaí agus ina comhordaitheoir ar na hiarrachtaí sin ar son na cobhsaíochta, ach go bhfaigheadh sí tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe agus Meitheal Chobhsaíochta na Comhghuaillíochta Domhanda i gcoinne Da'esh. Dá réir sin, iarrann an tAontas ar rialtas na hIaráice, trí idirphlé leis na gníomhaithe ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil – agus aird á tabhairt ar leasanna na bpobal atá buailte, lena n-áirítear mionlaigh – slándáil éifeachtach a áirithiú sna limistéir atá faoi shaoirse, chomh maith le rialachas cuimsitheach, úinéireacht áitiúil agus soláthar seirbhísí bunúsacha iontu, freisin.
15. Sa chomhthéacs sin, agus é ina chomhchathaoirleach ar na hiarrachtaí maolaithe guaise pléascaí (EHM, "glanadh na mianach") atá á ndéanamh ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Da'esh, in éineacht lena comhpháirtithe in UNMAS, iarrann an tAontas ar rialtas na hIaráice go mbainfí aon bhacainní praiticiúla maorlathais atá fós ann ar imscaradh iomlán na n-acmhainní náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh EHM san Iaráic. Iarrann sé freisin ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta dlús a chur leis an tacaíocht airgeadais a thugann siad d'iarrachtaí EHM óir ní mór an obair sin a dhéanamh sula ndéanfar tuilleadh oibre cobhsaíochta agus atógála.

d) Fás inbhuanaithe eolasbhunaithe cuimsitheach eacnamaíoch agus cruthú post a chur chun cinn

16. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí tosaigh a rinne Rialtas na hIaráice a chuid ceanglas faoin Socrú Teannta leis an CAI a chomhlíonadh, ach tá inní air faoin easpa dul chun cinn a bhí ann le déanaí maidir leis na hathchóirithe tagarmhairc atá le déanamh faoin Socrú agus cuireann sí i bhfios go gcuirfidh an easpa sin cobhsaíocht airgeadais na hIaráice i mbaol. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le hathchóirithe airgeadais eacnamaíocha, agus le cistí leordhóthanacha buiséadacha do rialtais fonáisiúnta, ionas go mbeidh an Iaráic in ann téarnamh eacnamaíoch, an atógáil agus an fhorbairt shóisialta eacnamaíoch inbhuanaithe a chur sa siúl, mar is gnéithe riachtanacha iad sin de chonradh sóisialta atreisthe idir an stát agus an pobal. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá ar siúl ag BEI agus ag an Iaráic féin chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir le creatchomhaontú a d'éascódh iasacht fhadtéarmach airgid lena dtacófaí leis an Iaráic.
17. Tá an tAontas réidh le cuidiú leis an Iaráic na hathchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme chun an geilleagar a neartú agus a éagsúlú, rud a bhéarfadh go mbeidh deiseanna níos fearr ann fostaíocht a chruthú, fostaíocht do dhaoine óga san áireamh. Ní ann don chobhsaíocht fhadtéarmach san Iaráic in éagmais córas oideachais neartaithe ar an ábhar gur spreagadh tábhachtach a leithéid ag forbairt na tíre. I ndáil leis an méid sin, tá sé riachtanach go leanfadh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don oideachas uilechuimsitheach cothromasach ardchaighdeán le go seachnófaí an baol go ndéanfaí glúin a "ligean amú". Tugann an tAontas tacaíocht ghníomhach d'údaráis na hIaráice san obair a dhéanann siad chun an t-éilliú a chomhrac, feabhas a chur ar na seirbhísí poiblí, an rialachas cuimsitheach a threisiú, agus a áirithiú go gcuirfear saoránaigh na hIaráice ar thús cadhnaíochta maidir le gach iarracht athchóirithe dá ndéanann na húdaráis, beag beann ar eitneacht, inscne, reiligiún nó creideamh.

e) Córas ceartais éifeachtach neamhspleách a chur chun cinn agus an chuntasacht a áirithiú

18. Creideann an tAontas go bhfuil sé ríthábhachtach, i gcomhair chobhsaíocht fhadtéarmach na hIaráice, go molfadh ceannairí an rialtais agus na ceannairí polaitiúla próiseas inchreidte ceartais idirthréimhsigh agus go dtacóidís leis freisin. Is cuid thábhachtach den athmhuintearas náisiúnta go dtabharfaí chun cuntasachta na páirtithe uile as na coireanna a rinne siad, ach an phróis chuí a áirithiú. Caithfear aghaidh a thabhairt, ar bhealach cothrom, ar chasaidí na n-íospartach uile.

19. Ar an gcuma chéanna, tá an tAontas sásta tacú le hiarrachtaí na hIaráice agus leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta atá á ndéanamh chun a áirithiú go dtabharfar comhaltaí Da'esh chun cúitimh agus chun cuntasachta as sárúithe agus mí-úsáid a rinne siad i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear coireanna cogaidh agus coireanna i gcoinne an chine dhaonna mar aon le gníomhartha i gcoinne daoine a bhaineann le grúpaí mionlaigh, ar iarrachtaí iad atá bunaithe ar an bpróis chuí agus atá i gcomhréir leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Náisiúin Aontaithe faoi Rún 2379 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. I ndáil leis an méid sin, tá aird ar leith fós dlite do cheist sin na dtrodairí eachtracha sceimhlitheoireachta, go háirithe an chuid sin díobh a fhilléann ar an mbaile. Is den riachtanas go fóill an comhar, agus comhroinnt na faisnéise leo siúd lena mbaineann, ar shlí nach sáraíonn an dlí agus a dhéantar trí bhíthin na mbealaí iomchuí. Iarrann an tAontas an athuair ar an Iaráic aontú do Reacht na Róimhe.
20. Athdhearbhaíonn an tAontas, de réir a phrionsabail féin, nach mbeidh aon ghlacadh in aon chor aige le pionós an bháis. Creideann an tAontas go daingean nach é amháin go bhfuil úsáid phionós an bháis incháinte go morálta, ach go bhfuil sin fritorthúil freisin mar bhac ar choireanna agus mar phionós ar aon. Fiú i gcás na gcoireanna is measa amuigh, is féidir leis an stát, in ainneoin an chruacháis ina mbíonn, pionós a chur, ar pionós é is féidir a aisiompú agus atá lán chomh láidir le pionós an bháis féin. I bhfianaise na n-ionsuithe iomadúla sceimhlitheoireachta a tharla ó 2003 i leith, is mó tábhacht a bhaineann lena bhfuil ráite thuas agus an Iaráic anois ag tabhairt faoi dhúshlán na cobhsaíochta agus an athmhuintearais. Iarrann an tAontas arís eile ar Rialtas Cónaidhme na hIaráice *moratorium* a chur i bhfeidhm maidir le básuithe, agus ar Rialtas Réigiúnach na Cordastáine *moratorium* a athchur i bhfeidhm, d'fhonn deireadh a chur le pionós an bháis faoi dheoidh.

f) Idirphlé ar imirce a bhunú leis an Iaráic

21. Is mór leis an gComhairle an malartú foirmiúil a tionscnaíodh maidir leis an imirce leis an Iaráic, rud a d'éascaigh sainaithint na réimsí leasa fhrithpháirtigh ina bhféadfaí comhar a dhoimhniú. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar leis an idirphlé sin. Ba cheart go gcumhdófaí, go comhthairbheach agus go comhpháirteach, gnéithe uile na himirce san idirphlé sin. Iarrann an tAontas ar Rialtas na hIaráice tuilleadh den chomhar a dhéanamh le chéile maidir le nósanna imeachta a bhunú chun filleadh díniteach, sábháilte, ordúil a éascú do náisiúnaigh de chuid na hIaráice ar a dtír dhúchais i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an oibleagáid atá ar stát a náisiúnaigh féin a athligean isteach, agus i gcomhréir le gealltanais na hIaráice mar a cuireadh sin in iúl sa Chomhaontú um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar.

g) Tacú le dea-chaidreamh na hIaráice lena comharsana uile

22. Tá an tAontas Eorpach tiomanta don idirphlé réigiúnach a chothú agus is díol sásaimh di rannpháirtíocht leanúnach taidhleoireachta na hIaráice lena tíortha comharsanachta. Is mian leis an Aontas a thathant ar thíortha uile an réigiúin ról cuiditheach a bheith acu, an tacaíocht a thugann siad a choinneáil ar bun agus a mhéadú, agus leanúint de bheith ag tacú le haontacht, ceannasacht agus sláine chríochach na hIaráice. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhar feabhsaithe sa réigiún don rathúnas san Iaráic agus sna tíortha máguaird.
23. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún an straitéis seo a chur i bhfeidhm láithreach bonn agus foráil a dhéanamh maidir le hathbheithniú, de réir mar is iomchuí, tráth nach déanaí ná tar éis dhá bhliain. Beidh sé mar aidhm ag institiúidí an Aontais agus ag na Ballstáit comhordú tapa éifeachtach ar dheontóirí a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm Straitéis an Aontais Eorpaigh don Iaráic, mar aon le cur chuige comhtháite.
-